



Provided by the author(s) and NUI Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Review of Bibliography of Publications on Irish Placenames by Donna Thornton and Kevin Murray
Author(s)	Ó hAisibéil, Liam
Publication Date	2012
Publication Information	Ó hAisibéil, L., (2012) Review of Bibliography of Publications on Irish Placenames by Donna Thornton, Kevin Murray, <i>Béaloideas: Iris an Chumann le Béaloideas Éireann</i> , 80, 263-65.
Publisher	An Cumann Le Béaloideas Éireann/Folklore of Ireland Society
Item record	http://hdl.handle.net/10379/6067

Downloaded 2019-02-23T19:49:57Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



Bibliography of Publications on Irish Placenames (eag. Donna Thornton, Kevin Murray; Cumann na Scríbeann nGaedhilge, 2011) xviii + 297 lch. ISBN 978-1-870166-80-5. 21 euro.

Céim mhór chun cinn i gcúrsaí foilseacháin ar ábhar logainmníoch na hÉireann is ea an *Bibliography of Publications on Irish Placenames* le Donna Thornton agus Kevin Murray atá foilsithe mar chuid d'fhosraith Chumann na Scríbeann nGaedhilge. D'fhéadfaí a mhaíomh gurbh é seo ceann de na saothair is cuimsithí atá foilsithe riamh ar áitainmneacha na hÉireann ina bpléitear irisí, leabhair agus ailt atá i gcló ó 1836 i leith. Áirítear mar chodanna den saothar an *Réamhfhocal* (lch iv), *Réamhrá* (v), *Foinsí* (xii), *Contaetha* (xviii), an leabharliosta féin faoin teideal '*Bibliography of Publications on Irish Placenames*' (lgh 1-221), *Innéacs* (lch 223) agus *Innéacs Eilimintí* (lgh 291-297). Luaitear sa réamhrá go bhfuil an saothar seo mar sheachthoradh ar obair an Tionscnaimh *Locus* i gColáiste na hOllscoile Corcaigh; an grúpa céanna atá laistiar den *Fhoclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge (FSÁG)* thuasluaite. Ainmnítear Donna Thornton agus Kevin Murray mar údair an tsaothair. Tá Donna Thornton ag obair leis an Tionscnamh *Locus* i gColáiste na hOllscoile Corcaigh ón mbliain 2000 agus tá Kevin Murray, ceann d'eagarthóirí ar an *FSÁG*, ag comhoibriú léi ar an leabharliosta seo ón mbliain 2007 ar aghaidh. D'eascair cuid mhór den leabharliosta ón obair a bhí ar siúl ag Donna Thornton don Tionscnamh *Locus* le breis agus deich mbliana anuas agus í ag bailiú ábhair idir nótaí, aistí, irisleabhair agus leabhair a mbaineann le háitainmneacha na hÉireann.

Déantar cur síos cuimsitheach sa réamhrá (lch v-xi) ar chúlra an *Bibliography* agus ar chuid de na cinní a rinneadh maidir le leagan amach an tsaothair. Bhí trí liosta éagsúla ag an bhfoireann eagarthóireachta i dtosach. Bhí liosta amháin leagtha amach de réir an údair, an dara liosta de réir an áitainm a phléitear, agus an tríú liosta de réir na heiliminte logainmníche a bhí luaite san alt. Tuigeadh go mall sa phróiseas go mbeadh deacrachtaí leis an leagan amach seo ó thaobh éascaíocht úsáide an tsaothair don léitheoir. Socraíodh mar sin ar na hiontrálacha bibleagrafaíochta iomlána a sholáthar agus nóta téacs a scríobh fúthu a léirigh na háitainmneacha agus na heilimintí logainmníoch a bhí pléite san alt áirithe sin. Mar thoradh air seo tá beagnach 3,000 mír san imleabhar agus suas go 8,000 iontráil san innéacs. Luaitear go bhfuil sé mar phríomhaidhm ag an *Bibliography* aird lucht na hainmeolaíochta a tharraingt ar an ábhar tánaisteach atá foilsithe ar áitainmneacha na hÉireann (lch vi) agus is oscailt súl don léitheoir é líon mór na leabhar agus na n-alt atá luaite ag údair éagsúla laistigh den chlúdach. Tá an líon is mó foilseacháin sa saothar luaite leis an mórshéisear Walter Fitzgerald, Deirdre Flanagan, Seán Mac Airt, Breandán S. Mac Aodha, Kenneth Nicholls, Diarmuid Ó Murchadha, agus Paul Walsh agus méid suntasach luaite le scoláirí aithnidiúla eile sa ghort. Ní hionann na foinsí a liostaítear don *Bibliography* (lgh xii – xvii) agus foinsí an *FSÁG* agus maíonn na húdair go mbeidh áitainm ar bith a bhaintear ó théacsanna atá i bhfoirm lámhscríbhíne nó i bhfoirm eagraithe le fáil san *FSÁG*, agus go mbeidh na staidéir thánaisteacha ar na háitainmneacha sin agus ar eilimintí logainmníoch le fáil sa *Bibliography*. Cinneadh siosmaideach a bhí ann mar sin an leabhar seo a fhoilsiú mar chuid d'fhosraith Chumann na Scríbeann nGaedhilge agus ní mór úsáid a bhaint as an leabhar seo i dtaca le fascúil

éagsúla de chuid an *FSÁG* agus réitíonn leagan amach an *Bibliography* go maith leis an *FSÁG* – gné atá le moladh maidir le húsáid chomhuaineach an dá shaothar.

Tá corp an leabhair tugtha don leabharliosta fairsing (221 leathanach), áit go liostaítear foilseacháin ar áitainmneacha na hÉireann le 175 bliain anuas. Tá idir fhoilseacháin acadúla agus amaitéara sa leabharliosta agus iad ag tagairt d'áitainm amháin nó do liosta áitainmneacha. Tá réimsí leathana ag baint le príomhábhar na bhfoilseachán agus staidéir áitiúla, ghinealais, theangeolaíochta, litríochta, staire nó sheandálaíochta atá ina bhformhór. Áirítear foilseacháin ó ghrúpaí éagsúla ó cheann ceann na tíre; ó Choimisiúin Lámhscríbhinní na hÉireann, ón Acadamh Ríoga, irisí staire agus seandálaíochta éagsúla agus féilscríbhinní áirithe atá tiomanta do scoláirí aithnidiúla i saol na Gaeilge. Baineann cuid bheag eile dóibh leis an stair, teoiric agus na modheolaíochtaí atá aitheanta le réimse taighde na n-áitainmneacha. Cuireann an éagsúlacht ábhair seo go mór le luach an tsaothair don phobal i gcoitinne.

Leagtar na hiontrálacha amach de réir an údair, ainm an ailt, ainm an fhoilseacháin, uimhir an leathanaigh agus bliain a foilsithe. Faightear faoin iontráil, i gclómhéid níos lú, an t-áitainmnó an eilimint atá faoi chaibidil san alt, agus ó am go chéile tugtar an focal '*list*' dúinn i ndiaidh an ainm. Seasann an focal seo do litriú malartach, liostaí de bhailte fearainn agus liostaí sealúchais má tá a leithéid san fhoilseachán féin agus tugtar eolas breise uaireanta d'fhonn nod a thabhairt don léitheoir faoin gcineál liosta atá i gceist m.sh. *List: early parishes; List: families; List: topographical features; List: holy wells; List: rivers and hills; List: leper hospitals!* Tá na noda seo an-úsáideach ar mhaithe le tuairim a thabhairt don léitheoir faoin ábhar atá pléite san fhoilseachán sin. Soláthraítear liosta gairid dúinn (lch x) de na hacmhainní leictreonacha ábhartha don taighde ainmeolaíochta ach bheadh sé innmholta b'fhéidir cur síos níos faide a sholáthar ar a bhfuil le fáil go sonrath sna hacmhainní leictreonacha seo.

Is innholtach an tInnéacs Eilimintí (lgh 291-297) agus é ar cheann de na gnéithe is suntasaí agus is úsáidí sa saothar lasmuigh den leabharliosta féin. Léiriú is ea é ar an leithne eiliminte agus teangacha atá le fáil laistiar d'áitainmneacha na hÉireann, cuirim i gcás na heilimintí *basilica, vík, rót* agus *aball*. Gan amhras, beidh taighdeoirí na hainmeolaíochta ach go háirithe ag baint feidhme as an innéacs seo ar bhonn rialta, ar mhaithe leis an méid atá foilsithe ar eilimint ar leith a mheas gan a bheith ag treabhadh tríd liostaí fadálacha nó catalóga achrannacha. Ar ndóigh beidh sé de dhíth ar an léitheoir dul sa tóir ar chóipeanna de na hirisí, na leabhair agus na hailt iad féin más spéis leo an t-ábhar atá luaite sa *Bibliography* ach ar a laghad soláthraítear tagairt inléite dóibh atá scríofa i gcóras rialta. Tugtar treoir nó nod don léitheoir freisin maidir leis an áitainm/eilimint logainmníoch a phléitear san fhoilseachán agus is féidir leis/léi cinneadh a dhéanamh ansin, faoin bhfiúntas atá ann a bheith ar thóir an ailt. Tá fáil níos leithne sa lá atá inniu ann ar ailt agus irisí ón ochtú haois déag i leith (féach a leithéid *JSTOR*, *Google Books* srl.) agus is cinnte go bhforbrófar rochtain agus infhaighteacht na heagráin leictreonacha seo le himeacht ama. Admhaíonn na húdair (lch vii) nach féidir le gach uile fhoilseachán a áireamh sa *Bibliography* mar gheall ar líon na n-ábhar agus ar leagan amach an tsaothair féin.

Ach an méid sin ráite, is cinnte gurb é seo an chéad chéim mhór chun tosaigh sna foilseacháin is clúití ar áitainmneacha na hÉireann a thiomsú le chéile faoi chlúdach amháin. Tá Cumann na Scríbhneann nGaedhilge agus na húdair, Donna Thornton agus Kevin Murray le moladh go mór as an téacs fíorúsáideach agus luachmhar seo a chur ar fáil do lucht inspéise áitainmneacha na hÉireann.

LIAM Ó hAISIBÉIL